Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Deireadh Fómhair 2024 (OR. en)**

**14755/24**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2024/0260(NLE)**

**COEST 568**
**POLCOM 276**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Deireadh Fómhair 2024 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 472 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair Fheabhsaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na hÚisbéiceastáine, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 472 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 472 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.10.2024
COM(2024) 472 final

2024/0260 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair Fheabhsaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na hÚisbéiceastáine, den pháirt eile**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Is éard atá sa togra atá i gceangal an ionstraim dlí lena n-údaraítear tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair Fheabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hÚisbéiceastáine (dá ngairtear 'CCCF' nó an 'Comhaontú' anseo feasta).

Tá an caidreamh idir an tAontas Eorpach (AE) agus Poblacht na hÚisbéiceastáine bunaithe faoi láthair ar an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair (dá ngairtear 'CCC' anseo feasta), ar comhaontú é a síníodh sa Bhruiséil an 21 Meitheamh 1996 agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 1999.

An 9 Deireadh Fómhair 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh lenar údaraíodh tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht na hÚisbéiceastáine maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair Fheabhsaithe. Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht maidir leis an gComhaontú i mí na Samhna 2018. Chuir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hÚisbéiceastáine an chaibidlíocht maidir leis an gComhaontú i gcrích i mí an Mheithimh 2022. An 6 Iúil 2022 chuir na príomh-idirbheartaithe inisealacha le téacs an Chomhaontaithe.

Is céim thábhachtach é an Comhaontú i dtreo feabhas a chur ar rannpháirtíocht pholaitiúil agus eacnamaíoch an Aontais leis an Áise Láir. Leis an gComhaontú cuirfear bonn faoi rannpháirtíocht dhéthaobhach níos éifeachtaí idir an tAontas agus Poblacht na hÚisbéiceastáine tríd an idirphlé polaitiúil a neartú agus an comhar a fheabhsú i raon leathan réimsí.

Cumhdaítear leis clásail chaighdeánacha an Aontais maidir le cearta an duine, an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, airm ollscriosta, mionairm agus armáin éadroma, agus an fhrithsceimhlitheoireacht. Cuimsítear leis freisin comhar i réimsí amhail an tsláinte, an comhshaol, an t-athrú aeráide, an fuinneamh, an cháin, an t-oideachas agus an cultúr, an saothar, an fhostaíocht agus gnóthaí sóisialta, an eolaíocht agus an teicneolaíocht, agus an t-iompar. Leis an gComhaontú tugtar aghaidh freisin ar an gcomhar dlíthiúil, an smacht reachta, an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta, an choireacht eagraithe agus an t-éilliú. Leis an gcuid den Chomhaontú a bhaineann leis an trádáil, meastar go n-áiritheofar timpeallacht rialála níos fearr d'oibreoirí eacnamaíocha agus ar an gcaoi sin, go mbeidh tairbhí eacnamaíocha substaintiúla ann do ghnólachtaí an Aontais. Ní tionscnamh faoi shainchúram an Chláir um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála é an Comhaontú.

Bunaítear leis an gComhaontú creat institiúideach atá comhdhéanta de Chomhairle um Chomhar, Coiste um Chomhar agus Coiste um Chomhar Parlaiminteach (féach Teideal VII 'Forálacha institiúideacha, ginearálta agus críochnaitheacha'), Fochoiste um Chearta Maoine Intleachtúla, agus ceadaítear leis fochoistí agus comhlachtaí eile a bhunú chun cúnamh a thabhairt don Chomhairle um Chomhar. Ar an gcaoi chéanna, bunaítear leis sásra maidir le comhlíonadh oibleagáidí chun aghaidh a thabhairt ar chásanna ina bhfuil oibleagáidí a glacadh faoin gComhaontú gan chomhlíonadh ag ceann de na Páirtithe.

Ó thráth theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe ar aghaidh, glacfaidh an Comhaontú ionad an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hÚisbéiceastáine, den pháirt eile, a síníodh an 21 Meitheamh 1996.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Cuireann an Comhaontú le huaillmhianta agus riachtanais Phoblacht na hÚisbéiceastáine agus an Aontais Eorpaigh araon maidir leis an gcaidreamh déthaobhach eatarthu a thabhairt chun cinn, de réir mheon na gconclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis nua an Aontais um an Áise Láir an 17 Meitheamh 2019. Rannchuideoidh an Comhaontú le cur chun feidhme Straitéis nua an Aontais um an Áise Láir, a glacadh an 15 Bealtaine 2019.

Leis an gComhaontú, déantar CCC 1999 a nuachóiriú trí leathnú a raoin feidhme chuig réimsí nua comhair agus trí uasghrádú mór a dhéanamh ar an gcreat rialála maidir lenár gcaidreamh trádála agus eacnamaíoch i gcomhréir le rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) agus le comhaontuithe eacnamaíocha réigiúnacha.

A luaithe a chuirfear an Comhaontú chun feidhme, comhlánófar é ar bhealach úsáideach le sásra an Chórais Ghinearálaithe um Fhabhair, córas a bhfuil Poblacht na hÚisbéiceastáine ag tairbhiú de ó bhí 2021 ann. Leis an scéim seo cuirtear fabhair tharaife bhreise ar fáil mar chúiteamh ar chomhlíonadh 27 gcroíchoinbhinsiún maidir le cearta an duine, rialachas, an comhshaol agus saothar.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tugtar lánurraim leis an gComhaontú do na Conarthaí agus caomhnaítear sláine agus uathriail dhlíchóras an Aontais. Cuirtear luachanna, cuspóirí, agus leasanna an Aontais chun cinn leis, agus áirithítear comhsheasmhacht, éifeachtacht agus leanúnachas a bheartas agus a ghníomhaíochtaí.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **An bunús dlí**

– **Bunús dlí substainteach**

De réir an chásdlí, má léirítear le scrúdú ar bheart de chuid an Aontais go bhfuil dhá chuspóir á saothrú leis nó go bhfuil dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann amháin díobh sin a shainaithint mar phríomhchuspóir nó mar phríomh-chomhpháirt, agus an ceann eile mar chuspóir teagmhasach nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an beart sin a bhunú ar bhunús dlí aonair, mar atá, an bunús dlí a éilítear de réir an phríomhchuspóra nó na príomh-chomhpháirte. Ar an taobh eile, má chinntear go saothraítear leis an mbeart roinnt cuspóirí san am céanna, nó go bhfuil roinnt comhpháirteanna ann, atá nasctha go dlúth le chéile gan aon cheann acu a bheith teagmhasach leis an gceann eile, agus ar an gcaoi sin go bhfuil forálacha éagsúla an Chonartha infheidhme, ní mór an beart a bhunú ar na bunúis dlí chomhfhreagracha éagsúla (féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Eanáir 2006, *An Coimisiún* v *An Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-178/03, AE:C:2006:4, míreanna 42 agus 43; an 11 Meitheamh 2014, *An Coimisiún* v *An Chomhairle*, C-377/12, AE:C:2014:1903, mír 34; an 14 Meitheamh 2016, *An Pharlaimint* v *An Chomhairle*, C-263/14, AE:C:2016:435, mír 44; agus an 4 Meán Fómhair 2018, *An Coimisiún v An Chomhairle (an Chasacstáin)*, C-244/17, ECLI:AE:C:2018:662, mír 40).

Sa chás áirithe seo, saothraítear dhá phríomhchuspóir leis an gComhaontú agus tá dhá phríomh-chomhpháirt ann a thagann faoi réim an chomhair um fhorbairt agus an

chomhbheartais tráchtála. Dá bhrí sin, is é an bunús dlí is ceart a bheith ag an gcinneadh atá beartaithe Airteagail 207 agus 209[1] den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Tugtar faoi deara nach n-áirítear sa Chomhaontú réimsí a thagann faoi inniúlacht na mBallstát, agus dá bhrí sin ní cheanglaítear ar Bhallstáit an Aontais a bheith ina bPáirtí sa Chomhaontú seo.

– **Bunús dlí don nós imeachta**

Déantar foráil le hAirteagal 218(6)(a) CFAE maidir le cinneadh a ghlacadh lena dtugtar comhaontú i gcrích tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

Foráiltear le hAirteagal 218(8) CFAE go bhfuil an Chomhairle le gníomhú trí thromlach cáilithe seachas sna himthosca a liostaítear sa dara fomhír d'Airteagal 218(8) CFAE, agus sna himthosca sin tá an Chomhairle le gníomhú d'aon toil. Ós rud é gurb iad an beartas trádála agus an comhar um fhorbairt an dá phríomh-chomhpháirt den Chomhaontú, is é an riail vótála a bheidh ann sa chás áirithe seo tromlach cáilithe.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Cumhdaítear leis an gComhaontú ábhair a bhaineann le hinniúlacht eisiach an Aontais, amhail an comhbheartas tráchtála, agus cuid an Aontais d'inniúlacht chomhthreomhar, amhail beartas forbartha. Neartaítear leis an t-idirphlé polaitiúil agus an comhar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hÚisbéiceastáine. Dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais.

- **Comhréireacht**

Ní théann an Comhaontú seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí beartais a bhaint amach, ar cuspóirí iad a bhaineann le neartú an chaidrimh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hÚisbéiceastáine, d'fhonn athchóirithe daonlathacha, an smacht reachta agus forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe a chur chun cinn mar mhodh chun cobhsaíocht agus slándáil Phoblacht na hÚisbéiceastáine a mhéadú. Ní chuirfidh an Comhaontú de cheanglas ar an Aontas a chuid rialacha, rialachán ná caighdeán a leasú in aon réimse rialáilte.

## 3. TORTHAÍ NA gCOMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS NA MEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin**

Cuireadh an Chomhairle ar an eolas go tráthrialta agus chuathas i gcomhairle léi sa Mheitheal ábhartha, mar atá, sa Mheitheal um Oirthear na hEorpa agus an Áise Láir agus sa Choiste um an mBeartas Trádála, ag gach céim den chaibidlíocht.

Coinníodh Parlaimint na hEorpa ar an eolas go pras agus go tráthrialta le linn na caibidlíochta.

Measann an tArdionadaí agus an Coimisiún gur baineadh amach na cuspóirí a leag an Chomhairle amach ina treoracha caibidlíochta, agus gur féidir an dréacht-Chomhaontú a chur isteach lena thabhairt i gcrích.

[1] Is tír íseal-mheánioncaim í Poblacht na hÚisbéiceastáine a áirítear ar liosta an Choiste Cúnaimh Forbartha (DAC) d'fhaighteoirí Cúnaimh Oifigiúil um Fhorbairt atá i bhfeidhm maidir le tuairisciú ar shreafaí 2020, 2021, 2022 agus 2023, mar a luaitear in Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda.

- **Measúnú tionchair**

Ní dhearnadh measúnú tionchair, ós rud é gurb é a dhéantar leis an gComhaontú go príomha an CCC atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta agus a fheabhsú, agus dá bhrí sin ní thabharfar isteach leis réimsí substaintiúla nua comhair a mbeadh tionchar mór eacnamaíoch, sóisialta nó comhshaoil acu. Is tionchar polaitiúil go príomha é an tionchar a bhfuil coinne leis – tá sé d'aidhm ag an Aontas treo polaitiúil na tíre comhpháirtíochta a threisiú agus caipiteal polaitiúil an Aontais a neartú. Féadfaidh sé go mbeidh iarmhairtí sóisialta dearfacha i bPoblacht na hÚisbéiceastáine, iarmhairtí a bhaineann go príomha leis na forálacha atá beartaithe maidir leis an smacht reachta, cearta an duine agus an tsláindáil. Meastar freisin go dtiocfaidh méadú ar an trádáil mar thoradh ar thimpeallacht ghnó fheabhsaithe, ach ní haon riosca é sin d'earnálacha tionscail sonracha ar cheachtar den dá thaobh, ós rud é nach bhfuil Poblacht na hÚisbéiceastáine agus an tAontas Eorpach in iomaíocht le chéile sna hearnálacha céanna. Maidir le measúnú tionchair a ullmhú, meastar nach dócha go mbeadh torthaí an mheasúnaithe sin ag teacht leis na hacmhainní a cuireadh in úsáid.

2024/0260 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair Fheabhsaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na hÚisbéiceastáine, den pháirt eile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 207 agus 209, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) agus Airteagal 218(7),

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) [...] ón gComhairle, síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair Fheabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hÚisbéiceastáine, den pháirt eile, an [...], faoi réir a thabhairt i gcrích,

(2) Is céim thábhachtach é an Comhaontú i dtreo rannpháirtíocht pholaitiúil agus eacnamaíoch mhéadaithe an Aontais Eorpaigh san Áise Láir. Tríd an idirphlé polaitiúil a neartú agus an comhar a fheabhsú i raon leathan réimsí, beidh bunús ann do rannpháirtíocht dhéthaobhach níos éifeachtaí le Poblacht na hÚisbéiceastáine.

(3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh,

(4) Ba cheart an Coimisiún a údarú i gcomhréir le hAirteagal 218(7) CFAE le seasamh an Aontais a chinneadh sna réimsí sin nach mór do na comhlachtaí arna mbunú leis an gComhaontú cinntí de chineál teicniúil a dhéanamh iontu nach bhfuil corrlach leathan breithmheasa pholaitiúil ag baint leo,

(5) I gcomhréir leis na Conarthaí, is faoin gCoimisiún atá sé a áirithiú go dtabharfaí an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 345 (mír 1) den Chomhaontú do Phoblacht na hÚisbéiceastáine thar ceann an Aontais, chun toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú a chur in iúl,

(6) I gcomhréir le na gConarthaí, is faoin gCoimisiún atá sé freisin na fógraí dá bhforáiltear in Airteagail 346 agus 352 den Chomhaontú a áirithiú.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo déantar an Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair Fheabhsaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na hÚisbéiceastáine, den pháirt eile, a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 2*

Chun críocha Airteagal 2 (a) (ii) den Chomhaontú, formheasfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, modhnuithe ar an gComhaontú trí bhíthin cinntí a bhaineann le tásca geografacha ón gComhairle um Chomhar agus í ag gníomhú ina cumraíocht trádála. I gcás nach féidir le páirtithe leasmhara teacht ar chomhaontú tar éis agóidí a bhaineann le tásc geografach, glacfaidh an Coimisiún seasamh ar bhonn an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 57(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Chun críocha Airteagal 174 den Chomhaontú, ceartúcháin nó modhnuithe nó aon seasamh nach mór don Aontas a ghlacadh i nós imeachta den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún leasú nó seasamh an Aontais a fhormheas.

*Airteagal 3*

1. Maidir le hainm faoi chosaint fhoroinn 4 'Tásca Geografacha' de Roinn 4 de Chaibidil 7 de Theideal IV den Chomhaontú, aon oibreoir a bhfuil táirgí talmhaíochta, táirgí bia, fíonta, fíonta cumhraithe nó biotáillí atá i gcomhréir leis an tsonraíocht chomhfhreagrach á margú aige, féadfaidh an t-oibreoir sin an t-ainm sin a úsáid.

2. I gcomhréir le hAirteagal 109 den Chomhaontú, déanfaidh na Ballstáit agus institiúidí an Aontais an chosaint dá bhforáiltear in Airteagail 104 go 108 den Chomhaontú a fhorfheidhmiú, agus déanfaidh siad amhlaidh freisin arna iarraidh sin ag páirtí leasmhar.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*